

# Eagarfhocal

Séamas Ó Neachtain

Tá an focal ‘giolcach’ agam le fada, mar gheall ar a úsáid ag Lugh De Paor. Ball tábhachtach na bpíob é an giolcach. Ach ní raibh an frása ‘sa ghiolcach’ agam gur léigh mé an dán *Aoibhill* le Doireann Ní Ghríofa (atá san eagrán seo). Focal uatha ach coincheap iolra, ar shlí, cosúil le ‘coil’ nó, i gcodarsnacht leis an mBéarla, ‘bríste’.

Limistéar seachas giolcach amháin atá i gceist - i measc na ngiolcach. Fuair mé sampla amháin eile de, sa dán *An tÉan Cuaiche*, le Máire Nic Mhaoláin, as *Filíocht Uladh 1960-1985* (eag. Greagóir O Dúill, Coiscéim 1986). Más Ultach é, tá sé againn go léir anois!

An chéad rud a rith liom nuair a rinne mé mo mhachnaimh ar an mbrí de ná gur minic go mbíonn daoine caillte sa ghiolcach. Is éasca míthreoir a ghlacadh nuair atá an cladach agus an fharraige araon as radharc. Ach níos minice ná sin, ceaptar ar dhuine nó ainmhithe i bhfolach sa ghiolcach - as radharc iad féin. An bhfuilimidne caillte? Ní dóigh liom, cé nach mbíonn sé léir dúinn cá bhfuil ár dtriall i gcónaí. Ach an bhfuilimid i bhfolach?

Táimid ag eitilt faoin *Radar* beagán, is dócha. Ach is leor nod don eolach, agus mar dhuine cleachta le cúrsái cois cladaigh, fuair tusa sinn, a léitheoir ghil!

Faightear éin shuimiúla sa ghiolcach, fiú éin chorra mar sinne... Agus tharla gur cuireadh duine an-thábhachtach i bhfolach sa ghiolcach fadó - Maois an Bhíobla: "...fuair sí cléibhín paipíre dó agus chuimil sí bitiúman agus pic de, agus chuir an leanbh ann, agus chuir i measc na n-eileastram [nó sa ghiolcach, nó sa chlábar...] ar bhruach na habhann é." Tógadh mar rí san Éigipt é. Nuair a bhí sé in inmhe, bhí a fhios aige gurbh Eabhrach é, agus nuair a chonaic sé cruatain a mhuintire, mharaigh sé duine de na hÉigiptigh. Níorbh é sin an rud ba mhaith le Dia, agus ina dhiaidh sin nocht Dia a thoil do Maois, agus i ndeireadh na dála, shábháil Dia a phobal trí mheán Maoise. Is iomaí ceacht atá le foghlaim as an scéal sin, déarfainn. Mar Ghaeil, tá aithne againn ar scéal ár muintire, agus is minic go mbíodh agus fiú go mbíonn fearg orainn mar gheall air. Le blianta fada anuas, bíonn roghanna níos fearr déanta againn, agus le cúnamh Dé...cá bhfios!

Bhí teanga an-ársa - buntheanga an domhain - ag Maois, de réir an scéal a insíonn Gearóid Ó Ceallaigh dúinn san eagrán seo. Agus tá an Ghaeilge beagnach chomh haosta! Agus bhí gach teanga ag an nGael, dar leis an scéal. Ní bheidh dallamullóg orainne, fiú sa ghiolcach.



Is deacair do shlí a bhaint amach sa ghiolcach. Is cosúil leis sin obair na mbleachtairí in úrscéal Phanu Höglund. Ach nuair a phreabaimid amach agus radharc glan againn ar a bhfuil ar an gcósta, nach minic a bhíonn iontaisí le feiceáil - mar an gceann ar an gclúdach. Dealbh Fhrancach sin, dar ndóigh. Dhear Eifel féin a creatlach. Agus tá a fhios ag gach éinne gur mó Éireannach a chonaic í ar a shlí isteach go Meiriceá. Thug mé cuairt ar Oileán Ellis tamall ó shin. Ba é an tOileán sin an geata isteach do na milliúin inimirceach ar feadh tréimhse ag deireadh an naoú haois déag agus tú an chéid seo caite. Ba é sin an tréimhse ina raibh an t-aistriú is mó daoine ó áit go háit dár tharla riamh. Agus táimid inár meascán ó shin, ní amháin i Meiriceá. Ag an am céanna sin, thuig daoine ní ba mhó ná riamh, b'fhéidir, go raibh sé

tábhachtach a n-oidhreachta a chaomhnú. Sin an aois ar tosaíodh *An Gael* den chéad uair, agus Conradh na Gaeilge, agus a lán eile.



Bhíodh comhartha ag na seanRómhánaigh. Giolcaí ceangailte le chéile mar bheart, a bhí ina chrann tua, a bhí ann. Cé go dtarraingíodh droch-chlú ar a ainm, agus ar an gcoincheap, b'fhéidir, san fhichiú haois déag, níorbh olc an smaoineamh sa *fascis*.

Tá seansfhocal againne a chuireann in iúl an coincheap céanna: Ní neart go cur le chéile. Cé go mbímid scaipthe ar fud an domhain - tá dánta le Colin Ryan na hAstráile againn san eagrán seo, dánta a scríobh mise i Nua-Eabhrac, agus dánta a scríobhadh in Éirinn - tá sé níos fusa ná riamh ár gcuid oibre a chur le chéile, buiochas leis an teicneolaíocht nua. Níorbh fhéidir liom an iris seo a chur le chéile gach trí mhí gan an idirlón agus an ríomhaire.

Séideann an ghaoth tríd an ngiolcach agus déanann sí ceol. Ach cé leis an ceol sin? Insíonn Lugh DePaor scéalta suimiúla dúinn maidir leis an gcóipcheart, agus is casta go leor an stair seo. An aithníonn giolcach giolcach eile?

Scríobh Máire Wren dhá mhearscéal (scéalta an-ghearr a scríobhadh go tapa) a théann thart mar an ghaoth. Is iomaí giolcach a bhíonn ann 'sa ghiolcach,' agus is amhlaidh go raibh a lán línte daoine in Aidhne - ach táimid ag teacht amach



ag deireadh an scéil agus níos mó tuigthe againn mar gheall ar shaothar Réamoinn Uí Chléirigh, a bhí mar threorai againn. Agus, dála an scéil, bhí na fonótaí caillte sa ghiolcach, ar dóigh, go dtí an t-eagrán seo, ach tá siad ar fáilanois.

Ní haon Gael ina ghiolcach á suaitheadh ag an ngaoth. Táimid ceangailte le chéile. Meascán den iolra is den uatha?

